# Polasaí Feachtas ar Iompar Foirne

**Faomhaithe ag an Coiste Stiúrtha 25 Bealtaine 2015**

Seo a leanas iad na prionsabail a leantar in Feachtas, d´fhonn an fhoireann (idir íoctha agus deonach) agus daoine óga a chosaint.

## Dualgais a bhaineann le baill nua foirne:

- Bheith ar an eolas faoi Pholasaí Feachtas ar Iompar Foirne (an polasaí seo), nósanna imeachta i dtaobh cosanta leanaí,  agus faoi ainm agus ról an té atá ceaptha chun deileáil le ceisteanna i gcásanna ar leith;
- Gnáth-thréimhse phromhaidh a chur isteach;
- Freastal ar chursaí oiliúna atá riachtanach dar leis an choiste, ar bhonn céimneach (Aguisín 1).
- Beidh orthu an Pholasaí um Chosaint Leanaí agus an fhoirm dhearbhaithe a bheith léite acu.

## Freagrachtaí i dtaobh tuismitheoirí/cúramóirí

Táimid tiomanta do bheith oscailte le gach tuismitheoir/cúramóir a mbíonn a bpáistí ag freastal ar imeachtaí Feachtas. Chuige sin leanaimid na prionsabail seo a leanas:

- Cuirtear ar an eolas iad faoi Pholasaí um Chosaint Leanaí Feachtas;
- Cuirtear ar an eolas iad faoi gach imeacht, turas, etc. atá  a mbeartú;
- Scaiptear foirmeacha teagmhála/ceada de réir mar is cuí;
- Cloítear le cleachtas sláinte agus sabháilteachta;
- Cloítear lenár dtreoirlínte earcaíochta;
- Déantar gach iarracht a chinntiú go n-oireann gníomhaíochtaí d´aois na ndaoine óga;
- Má tá aon ábhar imní nó buartha ag foireann Feachtas faoi leas an duine óig, ba chóir na cleachtais seo a leanas a chur i bhfeidhm:
    - Téigh i gcabhair ar an duine óg.
    - Cuir tuismitheoirí/cúramóirí ar an eolas ar bhonn leanúnach, sin mura gcuirfeadh a leithéid an duine óig i mbaol níos mó.
    - Sa chás go mbíonn ábhar imní againn maidir le cosaint agus leas duine óg, tá sé de dhualgas orainn iad sin a chur ar aghaidh chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Áitiúil agus chuig na Gardaí i gcás práinne;

- Beidh duine faoi leith ceaptha ar féidir teagmháil a dhéanamh leis/léi, chun cásanna a phlé le tuismitheoirí/cúramóirí.

# Nósanna imeachta i ndáil le líomhaintí foirne nó oibrithe deonacha

Sa chás go ndéanfaí líomhain i gcoinne fostaí nó oibrí dheonaigh, leanfar dhá chóras nósanna imeacht faoi leith:

- An nós imeachta tuairiscithe i leith an duine óig
- An nós imeachta chun déileáil leis an mball foirne/oibrí deonach

Sa chás seo, ba chóir do Feachtas aird chuí a thabhairt ar chearta agus leas an duine óig agus an duine a ndearna na líomhaintí ina choinne, araon. Is í an phríomhaidhm i gcás mar seo ná cosaint agus sábháilteacht an duine óig. Ní mór do choiste Feachtas gach beart cosanta is gá a thógáil ar bhonn práinneach.

A luaithe is a dhéantar líomhain i gcoinne baill foirne/oibrí dheonaigh, leanfar na céimeanna seo:

1. Cuirfidh an ball foirne atá ag tuairisciú, tuairisc scríofa chuig an Oifigeach Ainmnithe.
2. Leanfar na nósanna imeachta do thuairisciú, mar atá siad leagtha amach sna treoirlínte seo.
3. Tuairisceoidh an tOifigeach Ainmnithe an cás freisin chuig Cathaoirleach Feachtas de réir mar is cuí. Glacfaidh Cathaoirleach Feachtas treoracha ó na nósanna imeachta comhaontaithe, ón gconradh infheidhmithe fostaíochta agus ó rialacha an cheartais aiceanta.
4. Cuirfidh Cathaoirleach Feachtas an méid seo a leanas in iúl go príomháideach don fhostaí:
    I. Go bhfuil líomhain déanta ina leith;
    II. An cineál líomhna.
5. Tabharfar deis don bhall foirne freagra a thabhairt.
6. Glacfaidh Cathaoirleach Feachtas, ar bhonn práinneach, gach beart is gá chun a chinntiú nach gcuirtear aon duine óg i mbaol nach gá. Beidh na bearta seo i gcomhréir leis an leibhéal riosca agus ní ghearrfar píonós míréasúnach, ó thaobh airgid nó eile, ar an bhfostaí dá mbarr.
7. Glacfaidh Cathaoirleach Feachtas gníomh leantach i ndáil leis an líomhain mhí-úsáide i gcoinne an fhostaí i gcomhair le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus/nó leis an nGarda Síochána agus cinnteoidh sé/sí nach mbainfidh cibé gníomh a ghlacfar an bonn d´imscrúdú ar bith a bheidh ar bun ag na comhlachtaí sin. Sa chás go bhfuil gearán de mhí-úsáid déanta i gcoinne baill foirne, bainfidh dhá shraith leis na nósanna imeachta. Beidh tuairisciú na mí-úsáide leanaí mar an gcéanna leis an tuairisciú thuas (ball foirne – oifigeach ainmnithe – Feidhmeannacht na Seirbhíse

Sláinte ). E sin ráite, cuirfear imscrúdú ar bun freisin maidir leis an mí-úsáid líomhnaithe.  Mar a tharlaíonn sé, d´fhéadfadh trí imscúdú a bheith i gceist:

I. Imscrúdú inmheánach
II. Imscrúdú de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
III. Agus imscrúdú coiriúil de chuid an Gharda Síochána b´fhéidir

Má dhéantar líomhain in aghaidh ball foirne,

1. Maidir leis an duine óg: pléifidh an tOifigeach ainmnithe (Aoife Nic Lughadha) le ceisteanna a bhaineann leis an duine óg.
2. Maidir leis an té a bhfuil an líomhain curtha ina leith:pléifidh an Cathaoirleach (Pádraigín Nic Ghearailt) leis na ceisteanna a bhaineann leis an mball foirne.

Má chuirtear líomhaintí in aghaidh an Oifigigh ainmnithe, ní mór teagmháil a dhéanamh leis an leasoifigeach ainmnithe san eagraíocht (Loretta Ní Churraighín)

Ba chóir go gcoimeadfaí  na príomhchúramóirí agus an duine óg ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí atá pleanáilte agus atá curtha i gcrích. Ba chóir caitheamh leis an duine óg de réir mar atá oiriúnach dá  (h)aois;

# Nósanna Imeachta i gcás timpistí/tarlúintí

Má tharlaíonn timpiste do dhuine óg nó do dhuine fásta fad is atá siad faoi chúram Feachtas, tá sé tábhachtach ní hamháin déileáil leis an gcás go cumasach, ach é a thuairisciú agus a thaifeadadh i gceart. Ba chóir **gach** timpiste, fiú timpistí beaga, a thuairisciú ar  an bhfoirm thuairisce ar thimpiste. Ní mór na céimeanna seo a leanas a chomhlíonadh:

1. Teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála / dochtúir de réir mar is cuí;
2. An garchabhair cuí a thabhairt;
3. Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí / cúramóirí láithreach;
4. Dhá chóip den foirm thuairisce ar thimpiste / ar tharlúint a dhéanamh do **gach** Timpiste / tarlúint; ( féach aguisín 2 )
5. Cóip amháin den fhoirm a chur san fhillteán “Sláinte agus Sábháilteacht”;
6. Cóip amháin den fhoirm a chur chuig an Cathaoirleach mar thaifead / chun comhairle a fháil maidir leis an ngníomh is ceart a thógáil;

## Aguisín 1.

## Oiliúint Riachtanach do gach ball foirne nua:

1. Cosaint Leanaí
2. Garchabhair
3. Bainistiú ar oibrithe deonacha